

### Fíor 8

Feictear réaltaí scaipthe trasna an phainéil. Seasann siad seo do bhratach Arm Cathartha na hÉireann faoi Shéamus Ó Conghaile agus don dráma 'The Plough and the Stars', le Séan O'Casey atá bunaithe ar an Éirí Amach.

### Fíor 9

Seasann an cúig philéar déag (15) don chúig dhuine dhéag (15) a cuireadh chun báis trí scudam lámhaigh i bPríosún Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath. Baineann an próca ceirmeach le bailiúchán an Mhúsaeim. Bhí an próca luathrigh seo ó ré na réamh-Chríostaíochta agus na réamh-Impireachta curtha san uaigh leis na mairbh chun fónamh dóibh ar a mbealach. Is ceangal é seo idir gach aon duine díobh siúd a cuireadh chun báis agus an t-am a mbíodh a gcinniúint féin faoina smacht ag na Gaeil.


### Fíor 10

Tá líon áirithe de dhátaí tábhachtacha trasna íochtar an tsaothair a léiríonn an cosán a chuireamar dinn chun Poblacht a bheith againn.

- 1798 Éirí Amach na nÉireannach Aontaithe faoi Thiobóid Wolfe Tone;
- 1803 Éirí Amach Roibeard Emmet;
- 1845 – 47 Na blianta ba mheasa den Ghorta Mór;
- 1848 Éirí Amach na nÉireannach Óg;
- 1867 Éirí Amach na bhFíníní;
- 1913 An Frithdhúnadh;
- 1916 Éirí Amach na Cásca;
- 1919 – 23 Cogadh na Saoirse;
- 1949 Poblacht na hÉireann á fógairt.



Is le gloine dhaite is mó a oibríonn Peadar Lamb. Déanann sé saothair mhóra ailtireachta agus boscaí solais ina mbaineann sé úsáid as ábhair thraidisiúnta agus teicnící traidisiúnta nár athraigh an oiread sin leis na cianta. Is píosaí comhaimseartha ina gceart féin iad na saothair seo a tharraingíonn ar an líne, ar an solas agus ar chumas an mheáin an scéal a chur trasna. Bhí taispeantais aige thall is abhus ina thír dúchais agus go hidirnáisiúnta, agus tá saothair leis i mbailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha san Eoraip, sa Mheánoirthear, i SAM agus sa tSeapáin. [www.peadarlamb.com](http://www.peadarlamb.com)



### Músaem Contae Cheatharlach & Ofig Fáilte Uaireanta Oscailte:

Luan - Satharn 10.00am - 5.00pm Meitheamh - Lúnasa

Luan - Satharn 10.00am - 4.30pm Meán Fómhair go Bealtaine

An Domhnach agus Laethanta Saoire Bainc 2.00pm - 4.30pm Meitheamh - Lúnasa

(An cead isteach deiridh – leathuair an chloig roimh am dúnta)

### Saorchead isteach

Bealach isteach do Chathaoiríoch Rothaí

Sráid an Choláiste, Ceatharlach, Co. Cheatharlach, Poblacht na hÉireann, R93 E3T2

GPS: 52.836559, -6.928314

Teil: 059 913 1554 R-phost: [museum@carlowcoco.ie](mailto:museum@carlowcoco.ie)

[@CarlowCountyMus](https://twitter.com/CarlowCountyMus) [f Carlow County Museum](https://www.facebook.com/CarlowCountyMuseum)



## Gloine Dhaite le Peadar Lamb mar Chuimhneachán ar 1916 i gCeatharlach



Carlow  
County  
Museum

I gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Cheatharlach




1916  
2016

Clár Comórtha  
Céad Bliaín  
Centenary  
Programme







Fíor 1

Fíor 2

Fíor 3

Fíor 4

Fíor 5

Fíor 6

Fíor 8

Fíor 9

Fíor 7

Fíor 10

**Fíor 1**

Micheál Ó hAnnracháin ó bhaile Cheatharlach a cuireadh chun báis an 4ú Bealtaine 1916 mar gheall ar a pháirt san Éirí Amach. Bhain sé le clann a bhí sáite sa troid ar son saoirse na hÉireann. Tá an íomhá de Mhicheál socraithe suas in aghaidh Fhorógra 1916, an cháipéis ba thábhachtaí a d'éisigh na ceannaircigh. Nuair a bhí an tÉirí Amach ag tarlú bhí Micheál leis an 2ú Cathlán a bhí lonnaithe i Monarcha Brioscaí Mhuintir Iácóib i mBaile Átha Cliath.

**Fíor 2**

An Bhanaltra, Mairéad Nic Eochaidh, ó Leithghlinn an Droichid, 'An Chéad Mhairtíreach' mar a thugtar uirthi a thug an tÉirí Amach leis, toisc gur maraíodh í Luan Cásca in Aontas Bhaile Átha Cliath Theas mar a raibh sí lonnaithe. Tá an saighdiúir Dan Mac Cárthaigh, a gortaíodh sa troid in Aontas Bhaile Átha Cliath Theas, lena hucht aici. Thabharfadh a n-íomhá máthair/Madonna agus leanbh nó 'Pieta' chun cuimhne agus tugann sé seo na leanaí a bhásaigh san Éirí Amach chun cuimhne freisin.

**Fíor 3**

I lár báire anseo tá piléar mór agus rothar - meabhraíonn an piléar an neart a bhí faoi Impireacht na Breataine agus meabhraíonn an Rothar na hÉireannaigh drochtreamhaithe a d'éirigh amach, an samhailchomhartha 'Dáiví agus Góiliat'.

**Fíor 4**

An tAth. Ailbhe Bibby, OFM Cap., ó Mhuine Bheag a bhí lonnaithe leis na Bráithre Caipisíneacha ar Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath. I ndiaidh an Éirí Amach bhí an tAth. Bibby agus Caipisínigh eile ag fónamh do na ceannaircigh a bhí faoi choinneáil, agus Micheál Ó hAnnracháin orthusan, i bPríosún Chill Mhaighneann. Bhí sé i láthair ag roinnt de na básuithe agus thug sé sólas do mhuintir na gceannairceach. Ar a chúla, tá Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath ónar léadh an Forógra agus inar lonnaithe beirt de bhunadh Cheatharlach, Bríd Ní Chonghaile agus Liam Ó Donnchú, nuair a bhí an tÉirí Amach ar siúl.

**Fíor 5**

Doras chillín uimhir '67', an cillín den uimhir sin ina raibh Ó hAnnracháin ar a choinneáil sular cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath. Thugtaí duine de dhream 67 ar a athair, Risteard, mar gur ghlac sé páirt in Éirí Amach na bhFíníní in 1867. Tar éis do Mhicheál a bheith curtha chun báis, cuireadh a dheartháir, Harry, i bPríosún i gcillín '67'. Tráth na mbásuithe, thagair breathnóir do na básuithe agus dúirt gur chosúil iad le fuil ag síleadh ón taobh istigh amach faoi íochtar dorais a bhí dúnta. Is í an ghloine dhearg anseo a shiombail sin.

**Fíor 6**

Tomás Mac Thréinfhir, ón Tulach a throid san Éirí Amach agus cosúil le ceannaircigh go leor eile cuireadh isteach sa champa géibhinn i bhFrongoch sa Bhreatain Bheag é. Nuair a bhí Cogadh na Saoirse ann, 1919 - '21, gabhadh agus cuireadh ar a thriail é tar éis na troda le gunnaí ar Shráid Mhór Brunswick (Sr. an Phiarsaigh anois) i mBaile Átha Cliath. Cuireadh chun báis é i bPríosún Mhuinseo i mBaile Átha Cliath san Aibreán 1921. Tá a dheichniúr leanaí thart timpeall air anseo.

**Fíor 7**

In uachtar ar dheis tá an líníocht le haghaidh Mhonarcha Siúcra Cheatharlach ó 1926, monarcha a bhí fíorthábhachtach i gCeatharlach sa 20ú haois. Níl iomlán an fhocail Siúcra ar an bpainéal i bhfianaise a raibh le tarlú sa todhchaí. Tá ciumhais leis an saothar atá láidir agus tá bearna ann ar dheis a chuireann in iúl go leanann an stair ar aghaidh agus go mbogann sí chun cinn.